Tionchar náisiúnta eile a bhí ag an Sóivéid ná gur thug sí inspioráid don lucht oibre ar fud na tíre. Bhí Sóivéid Luimnigh ar cheann de na chéad Sóivéidí in Éirinn agus an ceann ba mhó. Chomh maith le sin, bhí trácht ar an Sóivéid go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar gheall go raibh go leor de lucht na meáin chlóite i Luimneach chun tuairisc a scríobh faoi 'Maor J.C.P. Wood' a bhí ag iarraidh eitilt ó Luimneach go Talamh an Éisc i rás eitleáin trasatlantach. Rinne na hiriseóirí tuairisciú ar an Sóivéid agus iad sa chathair agus scaip an scéal ar fud na hÉireann agus chomh fada le Meiriceá fiú. Spreag Sóivéid Luimnigh Sóivéidí agus stailceanna eile ar fud na tíre. Bhí tionchar náisiúnta fadtéarmach ag Sóivéid Luimnigh agus bhí níos mó ná 100 sóivéidí bunaithe in Éirinn tar éis an tSóivéid Luimnigh idir 1919 agus 1920.

Éifeacht pholaitiúil a bhí ag an Sóivéid ná gur léirigh sí go soiléir na laigeachtaí a bhí ag ceannairí ghluaiseacht an lucht oibre. Le linn an tSóivéid bhí iarrachtaí déanta ag ceannairí an ILPTUC moill a chur uirthi Mar shampla Dé Chéadaoin, 16ú Aibreán, nuair a bhí baill den NUR ar tí dul ar stailc, fuair siad teileagram ó William O'Brien, Ard-Rúnaí an ILPTUC, ag rá "Railwaymen should defer stoppage pending national action. National Executive specially sum-

moned for tomorrow"Ach ba chosúil go raibh drogall ar an ILPTUC an stailc a fhógairt go forleathan. 23ú Aibreán, tháinig ionadaithe ón ILPTUC go Luimneach le cruinniú a bheith acu leis an gcoiste stailce. Le linn na cruinnithe sin, áfach, mhol an ILPTUC don coiste stailce críoch a chur leis an ollstailc i Luimneach. Léirigh an easpa tacaíochta seo ón ILPTUC don tSóivéid nach raibh ceannairí an ILPTUC sásta seasamh le gnáthmhuintir Luimnigh. Go náisiúnta, thuig oibrithe na hÉireann nach raibh siad ábalta brath ar pholaiteoirí an ILPTUC agus bhí sé mar mhíbhuntáiste ag oibrithe na hÉireann nach raibh páirtí láidir ann le tacú leo.

Ba chosúil nach raibh ceannairí na Sóivéide ábalta brath ar ghluaiseacht na Poblachta ach oiread. Thaispeáin an tSóivéid na difríochtaí polaitíochta móra a bhí idir Shinn Féin agus ghluaiseacht an lucht oibre. Ba bheag tacaíocht a thug ceannairí Sinn Féin don tSóivéid. Páirtí meánaicmeach Caitliceach a bhí i Sinn Féin ag an am agus bhí siad buartha faoin nasc idir an Sóivéid agus an cumannachas ach go háirithe. Mar sin, ar an 23ú Aibreán, agus an coiste stailce i mbun cruinnithe leis an ILPTUC, bhí cruinnithe eile ag tarlú idir Mhaor Luimnigh Alphonsus O'Mara (ball Sinn Féin), an Eaglais Chaitliceach agus Arm na Breataine, chun plé a dhéanamh conas deireadh a chur leis an Sóivéid. An tionchar ba mhó a bhí ag Sóivéid Luimnigh ná gur thaispeáin sí go raibh aidhmeanna go hiomlán difriúla idir Sinn Féin agus oibrithe na hÉireann. Bhí an scoilt chomh mór sin eatarthu go raibh Sinn Féin sásta comhoibriú leis an namhaid, Arm na Breataine, chun stop a chur leis na hoibrithe. Níl aon amhras ach gur léirigh an tSóivéid go raibh scoilt suntasach soiléir idir spriocanna an lucht oibre agus Sinn Féin ag an am.

Ar an 27ú Aibreán, 1919, de bharr brú ón ILPTUC, Sinn Féin agus an Eaglais Caitliceach, d'fhogair an coiste stailce deireadh a chur leis an Sóivéid. Cé gur theip ar an Sóivéid, ba léir go raibh tionchar polaitiúil agus eacnamaíochta go háitiúil agus go náisiúnta bainte léi. Le linn tréimhse dhá seachtaine: bhí geilleagar Luimnigh athraithe go hiomlán; bhí sé curtha in iúl nach raibh oibrithe na hÉireann in ann brath ar an ILPTUC; bhí na difríochtaí idir aidhmeanna Shinn Féin agus aidhmeanna ghluaiseacht an lucht oibre léirithe go soiléir. In ainneoin na constaicí seo uilig ba bheag nach ndeachaigh oibrithe ar fud na hÉireann ar stailc. Ag deireadh an lae, áfach, níor éirigh leis an Sóivéid tionchar fad-théarmach a bheith aici de bharr nach raibh gníomhú náisiúnta tógtha chun tacú léi. Mar sin féin bhí éacht déanta ag oibrithe Luimnigh i mí Aibreán 1919; thóg siad seasamh in aghaidh Impireacht na Breataine agus iad i gceannas na cathrach ar feadh coicíse.


GENERAL STRIKE

No.

The Workers of Limerick
Promise to Pay the bearer
10/- TEN SHILLINGS. 10/-
For The Limerick Trades and Labour Council.
Jno. Cronin Chairman.
James Casey Treasurer.
AGAINST BRITISH MILITARISM.
LIMERICK. April 1919.
LIMERICK. April 1919.



# Lá spóirt Bl1-Bl3

*Bhuaigh **Evan Ó Bradaigh (Bl6)** an dara áit sa chomórtas céanna leis an téacs seo a leanas.*

# Na cúiseanna agus an tionchar a bhí ag Máirseáil Salainn Gandhi ó Sabarmati Ashram go dtí Dandi idir 12ú Márta agus 6ú Aibreán 1930 agus conas mar a chuaigh sé i bhfeidhm ar chúrsaí eacnamaíochta, polaitiúla is cultúrtha san India.

Dlíodóir, náisiúnach frith-choilíneach agus eiticí polaitiúil a bhí í Mohandas Karamchand Gandhi. Bhí sé mar inspioráid agus inspreagthóir i dtreo iarrachtaí neamhspleáchais san India. Déantar staidéar fós ar a gcuid creidiúintí agus a ghníomhachtaí sa lá ata inniu ann. Bhí tionchar ollmhór ag Muhatma Gandhi ar chúrsaí sa domhain agus is íocón stairiúil é. San aiste seo, pléifear na cúiseanna le haghaidh na máirseála ó Sabarmati go Dandi i 1930 agus an tionchar a bhí aici i dtaobh cúrsaí eacnamaíochta, polaitiúla agus cultúrtha san India.

Sa bhliain 1882 bhí Acht Salainn na Breataine ceadaithe. S'éard a bhí i gceist leis an Acht seo ná nach mbeidh cead ag muintir na hIndia a salainn féin a tháirgeadh ná a dhíol. Bhí tionchar mór ag an Acht seo ar mhuintir bhocht na hIndia agus salann in úsáid ag daoine saibhre chomh maith. D'aithin Gandhi gur siombail cumhachtach a bhí san Acht Salainn agus go raibh sé ina chumas pobal na hIndia a haontú ar son cúise, ba chuma cén cineal cúlra eacnamaíochta a bhí acu. Roghnaigh Gandhi Acht Salainn na Breataine mar théama ar fheachtas nua de Satyagraha (modh síochánta easumhlaíochta shibhialta).

2ú Márta 1930 scríobh Gandhi litir chuig Lord Irwin Ionad an Rí ag iarraidh air an tAcht Salainn a hathghairm. Muna raibh seo déanta, bhagair Gandhi go mbeadh feachtas Satyagraha curtha i bhfeidhm. Bhí sé mar aidhm ag Gandhi seasamh in aghaidh córas polaitíochta na Breataine agus deireadh a chur le fulaingt mhuintir na hIndia go eacnamaíochta agus go cultúrtha. Scríobh sé *"My ambition,is no less than to convert the British people through nonviolence and thus make them see the wrong they have done to India."*. Ba é sé seo an chéad eachtra inar sheas Gandhi in aghaidh cumhacht na Breataine agus ba léir go raibh cúis aitheanta aige dúshlán a thabhairt do rialtas agus do smacht na Breataine trí gabháil i ngleic leis an dlí áirithe seo.

Níor fhreagair Irwin an litir a scríobhadh chuige. Mar sin de, 12 Márta 1930 thosaigh Gandhi agus cúpla dosaen dá lucht leanúna ar an mháirseail. Ar an mbealach, d'fhan Gandhi i go leor bailte beaga ag tabhairt óráidí do mhuintir na tíre in aghaidh an Achta Salainne agus Riail na Breataine. Bhí Gandhi ag cur streachailt agus fulaingt an phobail i bhfocail sna hóráidí, é mar laoch do mhuintir na hIndia agus é ag scaipeadh a theachtaireachta maidir le Satyagraha. Bhí tús maith curtha leis an mháirseáil agus mhéadaigh seasamh Gandhi sa phobal agus é ag cothú deacrachtaí don Bhreatain i rith an ama.

D'úsáid Gandhi na hóráidí chun labhairt in aghaidh an chórais éagóraigh

seanaicmigh a bhí i bhfeidhm san India. D'úsaid sé hócáidí éagsúla chun fulaingt na "*untouchables*" a léiriú. Bhí na "*Untouchables*" mar shaoránaigh den aicme is ísle sa phobal agus iad scartha ó dhaoine eile. Chruthaigh Gandhi go leor conspóide nuair a ghlan sé é féin ag tobar na "*Untouchables*" agus nuair a chuir sé stop lena chuid cainte go dtí go raibh na "*Untouchables*" ábalta suí leis an slua. De bharr a chuid gníomhartha, thosaigh mhuintir na hIndia ag ceistiú an córais agus de réir a chéile laghdaíodh an ciníochas fíochmhar i gcoinne na "*Untouchables*". Ba chosúil go raibh a leithéid ag dul i bhfeidhm ar aicmeachas i sochaí na hIndia agus tionchar sóisialta nach beag ar an bpobal.

Ghlac na mílte daoine páirt sa mháirseáil agus de réir mar a mhéadaigh an tacaíocht tháinig méadú ollmhór ar an gclúdach sna meáin chumarsáide. Thuig Gandhi go gcuirfeadh an poiblíocht brú ar an Bhreatain agus chuir sé iriseoirí ar an eolas faoina chuid óráidí ionas go mbeadh siad in ann é a thuairisciú. Ní hamháin sin ach thug sé cuireadh do na comhlachtaí iriseoireachta físeáin a chruthú, rud a scaip clú idirnáisiúnta ar an Mháirseáil. Lean an *New York Times* ag scéal na Máirseála fiú. Cuireadh an domhan ar an eolas faoin chóras chultúrtha mhícothrom a bhí i bhfeidhm san India. Mhéadaigh tacaíocht do Ghandhi agus do shaoirse an hIndia sa phobal idirnáisiúnta mar gheall ar seo agus is cinnte gur chuir an poiblíocht ar fad brú ar an Bhreatain.

Bhí codarsnacht mór idir fhoréigean na bpóilíní agus na modhanna síochánta lucht leanúna Gandhi. Bhí 60,000 duine gafa agus cuid maith acu buailte go dona ag na póilíní i rith an fheachtais Satyaghara. Luaigh iriseoir Meiriceánach "*Suddenly, at a word of command, scores of native police rushed upon the advancing marchers and rained blows on their heads…Not one of the marchers even raised an arm to fend off the blows. They went down like ten-pins.*" Bhí drochíomha cruthaithe den Bhreatain lena gníomhachtaí san India agus bhí tíortha eile ag ceistiú a pholasaithe polaitíochta. Tháinig méadú óllmhor i dtacaíocht Gandhi agus feachtas síochánta aige in aghaidh fhoréigean Stát na Breataine.

Tháinig críoch leis an mhórshiúil 6ú Aibreán 1930. Bhí lucht leanúna agus iriseoirí ag fanacht ar an trá i nDandi. Bhí Gandhi tar éis 388km a shiúl i 24 lá. Agus é tar éis an Acht Salainn a bhriseadh dúirt sé leis an slua "*I am shaking the foundations of the British Empire.*" Spreag eachtra Gandhi mhuintir na hIndia páirt a ghlacadh san fheachtas. Thar thréimhse dhá sheachtain chuaigh na mílte chun an farraige chun a salainn féin a chruthú. Bhí siad ag díol an salainn go rúnda i siopaí glasraí no i siopaí éadaí. Bhí Gandhi tar éis a tháispeaint do mhuintir na hIndia go raibh cumhacht acu seasamh in aghaidh smacht na Breataine. Bhí athrú suntasach i bpolaitíocht na hIndia anois. Tháinig forbairt áirithe i gcúrsaí eacnamaíochta na tíre ach bhí an Bhreatain ag chailleadh airgid. Ba chosúil go raibh uasalaicme saibhir India míshasta agus cuireadh brú breise ar rialtas na Breataine.

Bhí tionchar nach beag ag an bpoiblíocht ar fad. Bhí tacaíocht idirnáisiúnta bainte amach ag Gandhi agus é ainmnithe mar "Fear na Bliana" ag "*Times*". Bhí drochíomhá ag an Bhreataine sna meáin chumarsáide. D'admhaigh Winston Churchill féin go raibh

tionchar uafásach ag an mháirseail ar íomhá na Breataine; *"Inflicted such humiliation and defiance as has not been known since the British first trod the soil of India"* Bhí ceisteanna móra curtha faoi riail na Breataine san India agus an chaoi go raibheadar ag caitheamh le muintir na tíre. De bharr na drochphoiblíochta ag Rialtas na Breataine agus dea-chlú ar Gandhi, ba chosúil go raibh dualgas ar an impireacht dul i ngleic le deacrachtaí a bhí cothaithe san hIndia agus socraíodh cruinniú le Gandhi.

Bhí torthaí gearrthréimhseacha ar an mháirseáil agus an *"Gandhi-Irwin Pact"* socraithe ag an chruinniú i 1931. Cuireadh deireadh leis an fheachtas "satyagraha", scaoileadh saor na príosunaí polaitiúla agus bhí cead ag muintir na hIndia cois fharraige a salann féin a chruthú. Bua mór do Gandhi a bhí ann agus é aitheanta mar an chéad chéim i dtreo néamhspleachais san India.

Is cosúil gur tháinig feabhas i gcúrsaí eacnamaíochta na tíre i ndiaidh Mháirseáíl Salainn Gandhi. Tar éis sheasamh in aghaidh riail na Breataine, bhí an cuma ar mhuintir na hIndia go raibh níos mó muiníne iontu. Bhí an caidreamh idir shaibhir is bocht feabhsaithe agus iad aontaithe i gcoinne an seanchórais. D'fhorbair caighdeán saol an gnáthphobal agus tugadh spreagadh iontach d'eacnamaíocht na tíre. Bhí coinníollacha maireachtála na hIndia feabhsaithe go mór ag an am.

Acht cruálach a bhí san Acht Salainn a léirigh míchothromacht Riail na Breataine san India. Ba é an priomhaidhm a bhí ag Gandhi na chun deireadh a chur leis an Acht Salainn ach bhí go leor éifeachtaí eile aige i gcúrsaí eacnamaíochta, polaitiúla agus cultúrtha sa tír. Bhí droch-chlú tarraingthe ar rialtas na Breataine ar fud an domhain. Ba é an máirseáil an chéad eachtra inar thosaigh gnáthphobal na hIndia ag ceistiú diansmacht na Breataine i réim. Bhí tionchar dearfach ag an mórshiúl ar sochaí na tíre chomh maith agus na 'untouchables' inghlactha i measc an phobail go ginearálta. D'fhorbair eacnamaíocht na hIndia de bharr an Mairseail chomh maith. De bharr go raibh salann mar ábhar riachtanach i ngnáthshaol mhuintir na hIndia, tháinig buntáistí suntasacha chun cinn i gcúrsaí eacnamaíochta agus an tAcht curtha faoi chos. Caithfidh a admháil leis, go raibh tionchar nach beag ag an Máirseail Salainn agus taictící Gandhi ar cheannairí móra a tháinig ina ndiaidh. (m.s. Martin Luther King, Jr. agus ceannairí Chearta Sibhialta). Mar chuid d'oidhreacht na máirseála, tuigeadh gurbh fhéidir neart a chur i gcrích trí easumhlaíochtí shibhialta.



# Eacnamaíocht Bhaile an Eachréidh!




Bhí bliain ar dóigh ag rannóg Eac.Bhaile i mbliana. Bhí ríméad an domhain orainn ar fad teacht ar ais ar scoil agus a bheith ag cócaireacht sa chistin lena céile arís.

Bhí lucht na chéadbliana gnóthach ag cleachtadh a gcuid scileanna cócaireachta agus ag foghlaim faoi na cothaithigh éagsúla ar fad agus an ról atá acu san aiste bia.

Bhí MRB1 le déanamh ag bliain a dó. Bhí orthu seanéadach a bhailiú agus é a uaschúrsáil ina rud nua. Rinne siad an iarracht leis, agus bhí malaí galánta acu ag deireadh an tréimhse.

D'éirigh go hiontach le bliain a 3 i mbliana ina scrúdaithe praiticiúla ag tús mí Bealtaine. Bhí neart bia éagsúla á n-ullmhú ag na daltaí idir churaí glasraí; dahl Indiach; anraith; dhonnóga seacláide, pasta bácáilte agus miasa iontacha eile le húmas, cloicheán agus arán lámhdhéanta mar chuid de.

Bhí an bheirt againn (Gearóidín agus Lisa) thar a bheith bhródúil as cur chun cinn na ndaltaí i mbliana agus táimid ag súil go mór leis an spraoi agus an foghlaim atá ós ár gcomhar amach againn sa chéad scoilbhliain eile.










Spraoi san Uisce




Rith na Nollag


Coimhoibriú Cairdiul


Gaisce na Nollag



Ar seit
Ros na Rún


Coimhoibriú Cairdiul

# DÍOSPÓIREACHT

*Ag glacadh páirt sa Chomórtas CONCERN don chéad uair an bliain seo, shroich an fhoireann díospóireachta babhta naisiúnta. Fuair siad an dara áit, agus mhol an giúiré a ndíograis. Is é seo a leanas an óráid a rinne siad don chríoch, ar son an ruín « **Ireland must remain commited to military neutrality**. »*



**Opening speech, by Team Captain Adam Keane**

A chathaoirligh a mholtoirí a lucht an fhreasúra agus a dhaoine uaisle, (...) I am here today along with my teammates (...) to propose with confidence, conviction and credibility that **Ireland must remain committed to military neutrality**. (...)

Ukrainian President Zelensky announced recently in the Dáil that Ireland has not remained neutral. Why, if we are neutral, are we actively supporting the Ukrainian people in every possible way through humanitarian aid and sanctions? As Minister for Foreign Affairs Simon Coveney said "*Political Neutrality in international affairs has never been a part of Ireland's foreign policy tradition*".

What we will be arguing is that it is of vital importance that the people of Ireland remain steadfast in their belief in the principles of our Military Neutrality. So then, what is meant by Ireland's Military Neutrality?

The foundation of the Proposition's definition (...) is firmly rooted in our Constitution. Article 29.1, states, "*Ireland affirms its devotion to the ideal of peace and friendly co-operation amongst nations founded on international justice and morality.*" Furthermore, a 1996 foreign policy document states "*The Irish people have always cherished Ireland's Military neutrality, and the positive values that inspire it in peace time and in war.*" According to the latest RedC poll, 57% of people believe that the Constitution should be changed to ensure Ireland's neutrality is enshrined in it.

In 2002, we added article 29.4.9 to the Constitution, prohibiting Ireland from joining in a common EU defence force — an amendment which was only introduced after the Irish people voiced their objections to EU treaties which would have compromised our Military Neutrality. So, while Military Neutrality is not defined specifically in our Constitution, **the principles of peace, security, morality and military non-alignment are the cornerstones which support it**. Since then, our Military Neutrality has matured into a defining feature of our foreign policy which has afforded us a seat at the highest tables in the UN on many occasions.

As we uncover the true value of Ireland's military neutrality and the potential consequences of abandoning it, I am reminded of the ancient Greek myth of **Pandora's box**. The box was given by Zeus to Pandora as revenge for her husband's disobedience. He warned her not to open it, but of course she did, unleashing the miseries sickness, death poverty and grief on Earth.

President Michael D Higgins said that "*we must always exert all of our efforts to avoid war and armed conflict and we must relentlessly pursue a diplomatic approach and particularly involving the multilateral institutions, if we are to avoid bloodshed.*" (...) We must not allow our values of peace, justice, and morality to be discarded in exchange for becoming a cog in the wheel of the machinery of war. Ireland must remain committed to its military neutrality.

**Second speaker: Culann Stevens**

(...) Today I will be discussing how our military neutrality elevates us to a position of influence that allows our voice to be heard and our aid to be provided. (...)

To start my debate, I would like to make one thing crystal clear. **Militarily neutral does not mean politically neutral.** They are two completely separate terms and mean completely different things. Although Ireland has had a long tradition and history of military neutrality, we have never maintained a policy of political neutrality. (...) We have always been politically active and we have continued to participate constructively in the development of the Common Security and Defence Policy, or CSDP. (...)

Think of how small and irrelevant our country could be, and yet we hold major political positions and have great influence in global decisions. We are punching well above our weight.

For example, Paschal Donoghue is the current president of the Euro Group. Ireland is currently an elected member of the UN Security Council for 2022, which is our fourth time being elected. Also, according to the UN, the Nuclear Non-Proliferation Treaty was first proposed by Ireland in in 1961 with Irish minister Frank Aiken being one of the first to sign it. The Treaty was, and continues to be, heralded as one of the most important steps in the ongoing efforts to reduce and prevent the spread of nuclear weapons — yet again proof of Ireland's commitment to military neutrality.

And on top of all of that, according to the *Irish Times*, Ireland, as of this moment, is representing the UN with Simon Coveney being the first minister from the security council to set foot in Kyiv since the beginning of the war in Ukraine. He even addressed a meeting of the security council on the war two days ago! Ireland's policy is, yet again, allowing us to punch way above our weight and make an impact!

EU special representative for human rights Eamon Gilmore said that Ireland is one of the "*most respected countries in the world*" with an influence disproportionate to its size. The former Tánaiste and minister for foreign affairs said **Ireland was respected because of its record on human rights, peace, nuclear disarmament, international development, and overseas aid**. (...)

Because we are recognised as a militarily neutral state by pretty much every country in the world, our defence force can be relied upon to help keep the peace in struggling countries. Our military neutrality has allowed us to help Lebanon, Israel, Jordan, Bosnia & Herzegovina, Kosovo, Mali, and the Democratic Republic of Congo. **We are preventing wars with our policy!**

As the British Philosopher Bertrand Russel once said, "*War does not determine who is right – only who is left.*" The world is benefiting from our reputation. It is clear that our policy allows us to be heard. (...) And yet the opposition is suggesting that we must halt our commitment to our very constitution and in doing so, open Pandora's box?! Should we also halt our commitment to nuclear disarmament? To human rights? To PEACE?!

The citizens of Ireland have been committed to military neutrality for decades. We were committed to it during World War 2. And we are committed to it now. (...)

**Third speaker: Cianna Cullen**

My concern here today is to weigh up our options. **What are the implications of abandoning our commitment** – what exactly have we got to lose? (...)

Relinquishing military neutrality inevitably means we must align with major military blocs. It means we would have to join one of the imperialist clubs, like US-led NATO.

The question is: what would we gain from alignment, that we don't already have? In the unlikely event of an attack, we are not as vulnerable as the opposition will have you believe. As it stands, we have an assurance from the UK to monitor and protect our airspace and coastline due to a bilateral agreement (...). As well as that, our membership in the Partnership for Peace Program ensures further protection.

Furthermore, article 42.7 of the Lisbon Treaty states that if any EU country is a victim of armed aggression, the other EU states have an obligation to aid and assist it by all the means in their power. **Ireland is free to choose their response without affecting our policy, we don't have to breach our military neutrality**. So what protection does NATO offer, that we don't already have? And more importantly, what do we have to lose?

NATO membership comes with a significant financial, political and ethical cost. Are we willing to sacrifice our reputation, sacrifice sovereignty, and risk peace?

We would be testing belligerent countries. (...) We would be drawn into conflict. An attack on one NATO ally is an attack on all. (...) Even a rogue missile, or an artillery shell landing in one of Russia's NATO neighbours, would be considered an attack, according to the Council on Foreign Relations.

(...) And finally, we would be compromising our hard-fought sovereignty, our decision-making abilities, our independent voice. To move away from our neutrality, would be a betrayal of the essential struggle to establish an independent republic. We would be opening Pandora's box.

A dhaoine uaisle, **we must carefully consider what we have to lose.** We must celebrate our neutrality as part of our identity as Irish people, as something that has offered us protection, respect and tradition. We must remember who we are and what we value before discarding our military neutrality.

In the words of Eamon DeValera, "*I shall strive not to be guilty of adding any fuel to the flames of hatred and passion which, if continued to be fed, promise to burn up whatever is left by the war of decent human feeling in Europe.*" (...)

**Final speaker: Adam Cunningham**

If we dropped our military neutrality, we would have to spend more on defence. It's only logical. According to NATO, to ensure "military readiness", **nations must commit**

**at least 2% of their GDP to defence spending**. Yet the annual Military Expenditure Report from SIPRI finds that Ireland spends only 0.3% on defence, less than any other European country. So, to end our neutrality, we'd need to increase defence spending to seven times what we're paying now at a minimum. According to World Bank Data, that's an increase of 6.7 billion euros.

Imagine relegating 6.7 billion of our budget to the military. Think of the impact this would have on our essential services. Hospitals, schools, roads, water, transport, housing, pensions, COVID vaccination clinics, and an income for all the employees involved. We don't have 6.7 billion to spare on defence. Even without any cuts, we are already struggling. The Department of Finance projects that support for Ukrainian refugees will cost us 2.8 billion next year. Transport Infrastructure Ireland has revealed that our motorways are deteriorating due to a lack of funding. Dublin Simon Community recently announced that homelessness is rising at an alarming rate, because according to Housing for All, ending homelessness in Ireland would cost 4 billion annually, which is twenty times what we are currently spending on it.

America and North Korea are prime examples of how a senseless devotion to military spending leads to a horrendous standard of living for the people. We cannot be like that. Using our resources to solve the urgent issues in our society is far more beneficial than just pouring funding into the military. Not just for us, but for the entire international community. (...)

When the UK already monitors our airspace and coastline, when the EU already has a policy ensuring our protection without us having to contribute military force, when by all accounts we already both have our cake and are eating it too, is it worth it to throw that all away by compromising our military neutrality? Is it worth it to cut 6.7 billion euros from our essential services spending when we're already struggling? Is it worth it to have a strong military but a devastated infrastructure and horrendous standard of living?

A dhaoine uaisle, there is only one logical answer. **There is no reason for us to open Pandora's box**. (...)

**Closing speech by Team Captain Adam Keane**

The momentous motion before us today brings to mind Robert Frost's two roads. The path we decide to take on this issue will shape how we define our identity for future generations. The authors of the constitution enshrined the principles of peace and justice and we must not allow these tenets to be blown away by the winds of war. Ireland must remain steadfast. (...)

**We will not open Pandora's box** because it led to a vast amount of destruction and we will not let it lead to the destruction of our country.

President Michael D Higgins said that "*we must always exert all of our efforts to avoid war and armed conflict and we must relentlessly pursue a diplomatic approach and particularly involving the multilateral institutions, if we are to avoid bloodshed.*" The fundamental questions come back once again to our identity. The two paths laid out in front of us. One is lined with nuclear weapons, drone strikes and wars of aggression, the other is a continuation and a renewal of our path to peace. It is an obvious answer. The fact of the matter is **Ireland must remain committed to military neutrality**.

A dhaoine uaisle, we rest our case. Go raibh maith agaibh.


Seachtain LADT+








# SCLÉIP GAEL LINN

I mí na Samhna, ghlac daltaí ó Bl2 agus Bl3 páirt i mBabhta Cúige Chonnachta don comórtas tallaine Scléip.




Bhí banna ceoil curtha le chéile ag daltaí Bl2, Saoirse, gach duine acu (**Alyssa Ní Bhrolcháin**, **Alannah Ní Sceacháin**, **Sadhb Ní Mhurchú** agus **Emer Ní Dhomhnaill**) ag seinm uirlisí agus ag canadh freisin, agus iad i mbun cheolchasaigh álainn de "*Amhrán Gheimhridh*".



Sheinn **Aisling Ní Nuanáin** (Bl2) "*Somewhere over the rainbow*" ar an bpianó, agus chan **Kaceyleigh Ward** (Bl3) "*Amhrán na gCupáin*".





Agus an meall mór ar deireadh, bhuaigh **Katelyn Ní Chuinneagáin** ó Bl3 Craobh na hÉireann i mí Feabhra, agus í ag seinm "*Shallow*" ar an veidhlín!


Bigi Linn
Craobh na hÉireann 2022
An Chéad Áit
Scléip
Is libhse an stáitse...


Coláiste an Eachréidh
Bigi Linn

# BL6 THAR NA BLIANTA


























JIGSAW GALWAY























# Bronnadh Céime B16

# QUINN MINIBUS HIRE

Athenry, Co. Galway



*We Take Care of all Your Travel Needs.*

Tel.: 091 844062

Seamus: 087 9972645

Rita: 087 2601704

# SLÁN LE KATHLEEN!




Every once in a while you come around a bend in a road and a view takes your breath away… For anyone who knows **Kathleen Forde**, that's how you felt after spending time with her.



Officially Kathleen was our school secretary but in reality she was much, much more. She excelled at her job, completing all tasks with incredible efficiency, diligence, and care. However, her real talents came to the fore when dealing with people. The first thing you'd notice upon meeting Kathleen was her smile – even when we had to wear masks during the pandemic her smiling eyes were warm and welcoming. She cared for students and staff as if her life depended on it. She welcomed parents and guests to the school as if to her own home. She had that rare quality of putting you at ease no matter what the situation.

The greatest testament to the high regard in which Kathleen was held in the Coláiste came from the students at her a farewell ceremony. The speeches came from the heart, praising her, thanking her and wishing her well. The music was a mix of styles trying to capture as much of Kathleen's personality, love of fun and love for the Irish language and culture as possible. Past pupils sent wonderful video messages and the office was like Interflora as bouquet after bouquet was sent and presented. There was both tears and laughter when Kathleen addressed the students, imparting words of wisdom as well as her usual care and maternal ways.

Kathleen may have retired from her job in the office but will continue to be an important part of Coláiste an Eachréidh as a friend, supporter and all-round mother-figure.

*Áine Nic Fhlannacha*

# 10 LEID FOLLÁINE

*Sá lá atá inniú ann tá comhairle shláinte ag gach mac máthar dúinn maidir leis an dóigh is fearr le saol fada a bheith againn. Ach faraor, ní gá go mbeadh anró ná briseadh croí ag baint le sláinte mhaith a chothú. Seo chugaibh 10 leid folláine atá éasca go leor a chur i bhfeidhm.*

### 1. Bia blasta (sna méideanna cuí)

Tá sé ana thábhachtach go n-itheann muid ar fad go leor próitéine agus go leor saille gach lá. Cabhraíonn protein (i bhfeoil, iasc agus cnónna) le láidreacht agus cuireann sail (ó óla, im agus déirí) le teas agus fuinneamh ar fáil don chorp. Maidir le carbaihiodráití, roghnaigh snáithín a chuirfidh fuinneamh ar fáil de réir a chéile don lá ar fad. Bíonn snáithín le fail ó léite, arán donn agus glasraí. Chomh maith le sin ach amháin ith méideanna beaga de salann, bia le breith leat, mearbhia nó aon rud leis an iomarca siúcra ag baint leis.



### 2. Aclaíocht rialta

Tá aclaíocht rialta riachtanach leis na matáin a shíneadh agus do chuisle a ardú. Bíonn aclaíocht níos éifeachtúla agus níos éasca nuair a bhaineann tú sult as. Mar sin bain trial as rudaí a thaitníonn leat. M.sh peil, friosbaí, trampailíneacht, rugbaí, téad scipeála, damhsa, húlahúp , rith nó pé rud a thaitníonn leat le hionoirfin a thairgeadh.

### 3. Coladh ceart a bheith agat

Don mheon agus don chorp, bíonn idir seacht go deich n-uair an chloig de choladh ag teastáil gach oíche. Faraor uaireanta tá sé deacair sin a fháil agus deacair freisin dul i do choladh ar an gcéad dul síos. Le coladh a rialú, moltar dúinn gan féachaint aon scáileán le solas geall air le uair an chloig roimh choladh. In áit sin, bain trial as ióga, machnamh stiúrtha, nó cleachtadh análaithe.



### 4. Spraoi agus Spórt gach lá

Smaoinigh ar na tascanna a dhéanann sásta thú, agus déan ceann acu gach lá le miongháire a chur ort. Seans go mbainfidh tú sult as bácáil, leabhair le jócanna ann, cluichí boird nó fiú dreas damhsa TikTok éigean!

### 5. Cúram Craiceann agus sláinteachas pearsanta

Chomh maith le glanadh na fiacla agus ceathanna rialta, ba cheart béim a chur ar chúram craiceann cuimsitheach. Ól go leor uisce i rith an lae ionas go gcoinníonn sé an craiceann maoith. Glan d'aghaidh le glantóir neodrach agus úsáid maothóir air, mar haon le fachtóir cosanta ard.

### 6. Am a chaitheamh le cairde agus le clann

Bí buíoch do na daoine i do thimpeall agus caith am leo. Is iontach iad na mean digiteach le teachtaireacht a

sheoladh nó físghlaoch, ach is fearr arís cupán tae a bheith agat i gcomhluadar a chéile. Is minic a chloistear is fearr cairde ná ór agus is fíor sin go deo!

### 7. Féinchaint dhearfach

Ba cheart go mbeadh muid dearfach agus cneasta linn féin agus ár n-iarrachtaí a mholadh in áit iad a cháineadh. Tig leat fiú meabhrúcháin laethúil a chur ar d'fhón póca. Tá roinnt samplaí anseo: "mothóidh tú níos fearr i ndiaidh siúlóide", "ní féidir ach do dhícheall a dhéanamh", " bí buíoch as do chuid buanna".

### 8. An chomhshaol a chaomhnú

Tuigeann muid ar fad na deacrachtaí a bhaineann le téamh domhanda, athrú aeráide, agus na poill san ózóin. Ba cheart go ndéanfaimid ar fad iarracht laghdú a dhéanamh ar an méid plais-teach-aon-úsáid a úsáidimid agus athchúrsáil a dhéanamh ar scoil agus ag baile. Ag cinntiú go gcuireann muid na rudaí cearta sna bosca bruscair cuí agus ag malartú éadaí nuair atá tú bréan lena stíl.



### 9. Sproicanna a leagadh

Déan liosta de spriocanna gur mhian leat a dhéanamh go bliantúil agus ansin i gcónaí beidh rud éigean suimiúil nó spraíúil lena mbeidh tú ag súil. B'fhéidir go mbainfidh tú sup as tolg go 5k, campáil faoi sholas na gealaí nó blas seilidí nó asparagus.

### 10. An Ghaeilge a lárnú i do shaol

Is iontach an rud é, ár máthairtheanga a labhairt go bródúil gach lá. Lenár gcultúr a bhlaiseadh, agus ár gcroíthe a shásamh. Na linne seo is iomaí podchraoladh, cláir raidió agus lth Gaeilge ar na meáin shóisialta. Is rud fíorspeisialta é a nascann muid ar fad le chéile. Ní amháin sin, bíonn deiseanna iontacha fostaíochta ann freisin, mar haon le craoltóireacht, ag obair le heagraíochtaí Gaeilge agus fiú leis an Aontas Eorpach sa Bhruiséil.

# BRIAN AG DUL AR SCOR



# Go raibh maith agat a Bhriain!

Go raibh maith agat a Bhriain, go n-éirí an bóthar leat. **Isabella Ní Laighin**

Go raibh maith agat as ucht na blianta a chaith tú linn ar scoil, ní bheidh do leithéid arís ann. **Conor Mac Giollarnath**

Slán a Bhriain. Is tú an príomhoide is cabhraí, cineálta agus cliste. Go raibh míle maith agat. **Caoimhe Ní Mhurchú**

Tá mé an-mhíshásta tú a fheiceáil ag imeacht ón scoil. Bhí tú i gcónaí ansin domsa ó bhí mé dhá bhliain déag d'aois. Ag tabhairt tacaíocht saoil nó ceacht Gaeilge. Gabhaim buíochas mór leat. Go raibh maith agat. **Jack Ó Foghlú**

A Mháistir, go raibh míle maith agat, rinne tú m'am sa scoil seo i bhfad níos suimiúla. Beidh muid ar fad croíbhriste agus tú ag fágáil. Go raibh míle maith agat as gach rud. **Emer Ní Dhomhnaill**

Brian, go raibh míle maith agat as an dá bhliain iontach a raibh tú mar phríomhoide dom. Slán agus beannacht. **Finn Glasheen**

Beir bua agus tú ag dul ar scor! Bíodh am breá agat! **Tuán Ó Baoill**

Beidh muid go léir croíbhriste nuair a imíonn tú. Ní bheidh an scoil mar an gcéanna gan tú. **Emma Ní Uidigh**

Go raibh maith agat as na blianta de do shaol a thug tú don scoil agus tá súil agam go mbeidh am maith agat ar scor. **Max Ó Muirgheasa**

Slán a Bhriain. Ádh mór ort agus tú ar scor. **Robert Mac Mathúna**

Slán a Bhriain. Go n-éirí leat agus tú ag éirí as. Go raibh maith agat as na blianta seo a chaith tú linn. **Isabella Ní Mhaoilmhaigh**

Tá sé brónach tú a fheiceáil ag fágáil na scoile. Is fear feasa tú agus táim fíorbhuíoch díot. Go raibh maith agat as gach rud. **Evan McCrossan**

Go raibh maith agat as gach rud a rinne tú don scoil agus gach uair a thug tú tacaíocht domsa.
**Seán Doggett**

Slán a Bhriain, go raibh maith agat as gach rud a rinne tú, is príomhoide iontach tú. Ní bheidh an scoil mar an gcéanna.
**Adam Ó Ciaragáin**

Tusa an príomhoide is fearr, bhí tú i gcónaí chomh deas le gach aon dalta sa scoil seo agus tá an-bhrón orainn ar fad go bhfuil orainn slán a rá leat.
**Sadhb Ann Ní hAogain**

Slán a Bhriain, go n-éirí leat sa todhchaí. Go raibh maith agat as gach rud!
**Anna Ní Longáin**

A Bhriain, ba phríomhoide iontach tú. Go raibh míle maith agat as gach uile rud, ádh mór is tú ar scor.
**Liadán Nic Cormaic**

A Bhriain, go raibh maith agat as ucht do chabhair ar fad thar na blianta. Bhí tú ann chun muid ar fad a threorú ón gcéad lá ar scoil. Go n-éirí an t-ádh leat agus tú ag dul ar scor. Slán go fóill.
**Lauren Ni Choirbin**

Go raibh maith agat as gach rud. Ní bheidh an áit mar an gcéanna gan tú. Go n-éirí leat.
**Molly Ní Thoirealaigh**

Brian, go raibh míle maith agat as gach rud atá déanta agat ón gcéad lá a shiúil mé isteach sa scoil. Déan na rudaí simplí i gceart i gcónaí. Go raibh maith agat.
**Keelyn Ní Choirbín**

An príomhoide is fearr a bhí agam riamh. Beidh sé an-deacair príomhoide eile a fháil níos fearr ná tusa. Bain sult as an gcéad chaibidil eile i do shaol.
**Adam Ó Flannaile**

Ní hamháin gur bhunaigh tú an scoil seo, ba tusa an fáth a ndeachaigh scoláirí ann. Seo slán le haghaidh anois. Nár laga Dia thú.
**Eiméar Ní Bhróin**

# Slán agus go n-éirí leat!

# SÍNITHE

JOYCE'S

*paiseanta faoi bhia*




# D'Ollmhargadh áitiúil faoi úinéireacht teaghlaigh.

McD's

CREATING MAGIC IN EVERY HOME

# Congratulations to all of the students and teachers, on making it through yet another school year! We wish you all the very best in your future.

McD's Garden & Home,
Galway Crystal,
Old Dublin Rd,
Co. Galway

McD's Garden & Home,
The Green,
Loughrea,
Co. Galway